# 06 Faisnéis Cumarsáide Ginearálta BCC

**Stair na nAthruithe**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Doiciméid** | **Próiseas Cumarsáide Ginearálta BCC** |
| **Dáta an Chruthaithe** | **15 Aibreán 2024** |
| **Úinéir an Doiciméid** | **Rúnaíocht BCC** |

**Rialú Leaganacha**

| Dáta an Chuir in Eagar | Uimh. an Leagain (tar éis cur in eagar) | Eagarthóir | Cur Síos ar an Athrú, e.g., uimhir leathanaigh na n-athruithe a rinneadh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

1. **Faisnéis Teagmhála Rúnaíocht BCC:**
   - **Ríomhphost:** qab@education.gov.ie
   - **Leathanach Gréasáin:** https://www.gov.ie/en/organisation-information/c2e6b-qualifications-advisory-board-qab-for-the-early-learning-and-care-elc-sector/
   - **Ceisteanna Coitianta:** https://www.gov.ie/en/organisation-information/c2e6b-qualifications-advisory-board-qab-for-the-early-learning-and-care-elc-sector/#additional-information-for-programme-applicants

2. **Tréimhsí Bailíochtaithe:**
   i. Glacann Rúnaíocht BCC le hiarratais, i.e., athbhreithniú tosaigh, athchur isteach, agus leasú cláir, le linn na dtréimhsí seo a leanas:
      - ón 1 Meán Fómhair go dtí an 1 Nollaig
      - ón 1 Feabhra go dtí an 30 Meitheamh

   ii. Admhófar aon iarratais a fhaightear lasmuigh den tréimhse ama sin ach ní ghníomhachtófar de bhun na n-iarratas sin go dtí na tréimhsí ama a luaitear i bpointe (i) thuas.

3. **Comhfhreagras BCC a fhaightear le ríomhphost**
   i. Ba cheart aon chomhfhreagras agus ceisteanna a bhaineann le BCC a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist thuas.
   ii. Admhóidh Rúnaíocht BCC go bhfuarthas comhfhreagras laistigh de thrí lá oibre ón gcomhfhreagras sin a fháil.

iii. Tabharfaidh an Rúnaíocht freagra ar cheisteanna ginearálta a luaithe is féidir agus, i gcás go measann Rúnaíocht BCC é a bheith cuí, athrófar na Ceisteanna Coitianta chun dáta freisin.

iv. Maidir le ceisteanna ó Institiúidí Ardoideachais a bhaineann lena n-iarratais ghníomhacha nó lena n-iarratais atá le teacht faoi cheann ar bith de na próisis seo a leanas de chuid BCC, tabharfar freagra orthu laistigh de dhá sheachtain:

   a. Iarratas Tosaigh ar Chlár (céim 1)
   b. Próiseas um Chlár a Leasú
   c. Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme (céim 2)
   d. Athchur Isteach
   e. Seiceáil Fíorúcháin

v. Tá liosta de cheisteanna coitianta ar fáil ar an suíomh Gréasáin ag BCC. Déantar athbhreithniú rialta ar an liosta sin agus athraítear chun dáta é de réir mar is gá.

Tabhair faoi deara gurb í an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) atá freagrach as cáilíochtaí a aithint agus as an liosta ceadaithe a bhainistiú. Is féidir teagmháil a dhéanamh le RLCMLÓ le ríomhphost: ey_qualifications@equality.gov.ie